



Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann  
Intellectual Property Office of Ireland

Eolas Ginearálta


# Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara





# Clár

<b>Introduction</b>	<b>4</b>
01. Cad is Cóipcheart ann?	4
02. Cén cineálacha saothair atá clúdaithe ag Cóipcheart?	4
03. Cé leo Cóipcheart agus cén cearta a sholáthraíonn sé?	5
04. Cosaint Cóipchirt	5
05. Buntáistí le Cosaint Cóipchirt	6
06. Fógra agus Siombal Cóipchirt ©	7
07. Cad nach bhfuil clúdaithe ag Cóipcheart?	7
08. Cá fhad a mhaireann Cóipcheart?	8
09. Cearta a bhaineann le Cóipcheart	9
10. Eisceachtaí ar Chóipcheart	10
11. Saothair Dílleachta	11
12. Sárú agus Forfheidhmiú Cóipchirt	11
13. Reachtaíocht Cóipchirt na hÉireann	12
14. Athruithe le Déanaí ar Reachtaíocht Cóipchirt na hÉireann	13
15. Clár de Chomhlachtaí um Cheadúnú Cóipchirt	14
16. Suíomhanna Gréasáin úsáideacha d'úinéirí Cóipchirt	15
17. Sonraí Teagmhála	15



# Réamhrá

Níl an t-eolas atá ar fáil sa leabhrán seo in ainm is a bheith iomlán cuimsitheach; is treoir ghinearálta atá ann agus ní léirmhíniú dlíthiúil é ar an dlí a bhaineann le cóipcheart. Mar atá le gach treoir, de riachtanas, tá roinnt ginearálaithe agus simplithe ann agus níor chóir breathnú air mar ionadaí ar an reachtaíocht féin.

## 01

### Cad is Cóipcheart ann?

Is é cóipcheart an ceart a thugtar d'údair/cruthaitheoirí chun catagóirí áirithe de shaothar amhail saothair liteartha agus ealaíonta saothair agus chun daoine eile a chosc ar é a úsáid. Ceart uathoibríoch is ea cóipcheart agus níl aon chóras cláraithe oifigiúil d'úinéirí cóipchirt in Éirinn. Tagann sé i bhfeidhm a luaithe a chuirtear an saothar ar pháipéar, scannán, nó aon fhoirm de mheán digiteach. I measc na saothar atá clúdaithe tá raon ó cheol, leabhair, scannán, péintéireachtaí, píosaí dealbhóireachta do mapaí, ríomhchláir agus bunachar sonraí. Is í an phríomhreachtaíocht a rialaíonn cóipcheart in Éirinn an tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (mar a leasaíodh).

## 02

### Cén cineálacha saothair atá clúdaithe ag cóipcheart?

Clúdaíonn Cosaint Cóipchirt na cineálacha seo a leanas de shaothair:

- Bunsaothair liteartha, dhrámatúla, cheoil nó ealaíonta
- Taifeadtaí fuaime, scannáin, craoltaí, cláir cábla
- Eagruithe clógrafacha ar eagráin fhoilsithe agus bunachair bhunaidh
- Foilseacháin dhigiteacha

Áirítear le **saothair ealaíonta** na nithe seo a leanas: grianghraif, péintéireachtaí, líníochtaí, mapaí, cairteanna, pleananna, greanta, eitseálacha, liteagraif, greanta adhmaid, priontaí nó saothair dá leithéid, colláisí nó píosaí dealbhóireachta, lena n-áirítear aon teilgean nó múnla a dhéantar chun críche an pháosa dealbhóireachta nó saothar ailtireachta.

Féadfar ríomhchláir a áireamh le **saothair liteartha** freisin.

Áirítear le **foilseacháin dhigiteacha** aon fhoilseachán a fhoilsítear ar líne nó as líne a chuirtear ar fáil don phobal i meán seachas cló.

## 03

### Cé leo Cóipcheart agus cén cearta a sholáthraíonn sé?

Is é/í úinéir cóipchirt an duine a chruthaíonn an saothar, ar a dtugtar an t-údar. Mar shampla, i gcás grianghraif, is é/í an grianghrafadóir úinéir an chóipchirt. Ach, toisc gur cineál maoiné é cóipcheart, is féidir an ceart a aistriú chuig duine eile, mar shampla chuig foilsitheoir. Má chruthaíonn fostaí an saothar mar chuid dá bhfostaíocht, is é/í an fostóir úinéir an chóipchirt sa saothar, ach amháin más ann do chomhaontú dá mhalairt. D'fhonn aistriú cóipchirt a bheith inaitheanta go dlíthiúil ní mór é a dhéanamh trí chomhaontú i scríbhinn sínithe ag úinéir an chóipchirt.

Ceart maoiné is ea cóipcheart agus is féidir le húnéir an tsaothair úsáid an tsaothair a rialú, faoi réir ag eisceachtaí áirithe a dtugtar cur síos orthu sa leabhrán seo. Tá an ceart eisiach ag an úinéir na rudaí seo daoine eile a chosc nó a cheadú leis na rudaí seo a leanas a dhéanamh

- an saothar a athchruthú i bhfoirmeacha éagsúla, amhail foilsiú clóite/digiteach nó taifeadadh fuaime
- a thaibhiú go poiblí, amhail dráma nó saothar ceoil,
- an saothar a chur ar fáil chuig an bpobal trí chraoladh, nó taifeadadh, nó tríd an idirlíon.
- a chraoladh trí raidió, cábla nó satailít,
- a aistriú go teangacha eile,
- an saothar a chur in oiriúint, amhail script scannáin a dhéanamh d'úrsceál.

## 04

### Cosaint Cóipchirt

Is ceart uathobríoch é cóipcheart agus in Éirinn, mar atá i bhformhór na dtíortha, níl aon nós imeachta clárúcháin ann. Bíonn cóipcheart ann ón nóiméad a chruthaítear an saothar, a mhaireann ansin i léiriú fisiciúil an tsaothair.

Tá sé tábhachtach gur féidir le cruthaitheoir saothair a thaispeáint cén uair a cruthaíodh an saothar agus an cóipcheart, toisc go mb'fhéidir go mbeidh gá le himeachtaí sáraithe a thosú nó a chosaint, am éigin níos déanaí. Bealach amháin chun é seo a dhéanamh is ea cóip den saothar a chur i dtaisce le hionadaí aitheanta, amhail aturnae, ionas gur féidir dáta agus am na taisce a thaifeadadh nó nótaireacht a dhéanamh uirthi. De rogha air sin, is féidir le cruthaitheoir an tsaothair cóip den saothar a sheoladh chucu féin le postas cláraithe toisc gur córas seachadta dátaithe é seo (a chinntíonn go mbeidh stampa dáta soiléir ar an gclúdach), an bhunadmháil postála a choinneáil agus an clúdach ina bhfuil an saothar cóipchirt a fhágáil gan oscailt agus ar an gcaoi sin ag cruthú go raibh an saothar ann ag an dáta agus am sin.

De rogha air sin, is seirbhís dhigiteach ghnó é **WIPO PROOF**, a oibríonn an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil, a chuireann méarlorg digiteach le stampa dáta agus ama ar fáil do chomhad digiteach ar bith, a chruthaíonn gurb ann dó ag pointe ar leith in am.

Tá **WIPO PROOF** ar fáil trí <https://www.wipo.int/wipoproof/en/>

## 05

### Buntáistí le Cosaint Cóipchirt

Cuireann Cosaint Cóipchirt dreasacht ríthábhachtach ar fáil chun neart saothar intleachtúil a chruthú. Gan chosaint cóipchirt, bheadh sé éasca do dhaoine eile leas a bhaint as na saothair seo gan aon dleachtanna nó íocaíocht a íoc le húinéir an tsaothair. Mar sin, spreagann Cóipcheart fiontar agus cruthaítear leis timpeallacht fhabhrach chun gníomhaíocht eacnamaíochta a spreagadh.

Cuireann Cosaint Cóipchirt sochair ar fáil i bhfoirm cearta eacnamaíochta a thugann teidlíocht don chruthaitheoir rialú a dhéanamh ar úsáid a n-ábhar liteartha agus ealaíonta ar roinnt bealaí amhail cóipeanna a dhéanamh, taibhiú don phobal, craoladh, úsáid ar líne, etc. agus le híocaíocht a fháil as a gcuid saothair. Mar sin, is féidir le cruthaitheoirí luach saothair a fháil as a gcruithaitheacht agus a n-infheistíocht.

Tugann Cóipcheart cearta morálta freisin as aitheantas a fháil mar chruthaitheoir de chineálacha áirithe ábhair (ar an dtugtar an ceart **atharthachta**). Cuireann sé ar chumas chruthaitheoir an tsaothair freisin cur i gcoinne camadh, leasú nó milleadh a saothair ag tríú páirtí, dá bhféadfadh sé seo dochar a dhéanamh dá chlá. Tugtar an ceart **ionracais** air seo.

## 06

### Fógra agus Siombal Cóipchirt ©

Tá sé tábhachtach a léiriú go maítear cóipcheart i saothar. Ba chóir saothair a mharcáil go soiléir lena thaispeáint cé hé/hí úinéir an chóipchirt agus an dáta óna maítear an cóipcheart. De ghnáth, baintear úsáid as an siombal © a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta air lena chur in iúl go bhfuil saothar cosanta ag cóipcheart.

e.g. ©Cóipcheart Sean Smith 2020.

Má chuirtear siombal an chóipchirt leis, ní hionann sé sin agus cruthúnas dlíthiúil ar úinéireacht, ach léiriú is ea é ar a mhaíomh ar chóipcheart, a d'fhéadfadh a bheith úsáideach más gá an maíomh sin a chosaint nó sárú féideartha a chosc. De ghnáth tá sé riachtanach cead a fháil le hábhar cóipchirt a úsáid. Má thaispeántar siombal cóipchirt ar shaothar cuideofar le dul i dteagmháil leis an úinéir le cead a iarraidh chun an saothar a úsáid.

## 07

### Cad nach bhfuil clúdaithe ag cóipcheart?

Ní chosnaíonn Cóipcheart “smaointe”. Le dlí an chóipchirt cosnaítear an fhoirm ina gcuirtear smaointe in iúl, ní na smaointe féin. Ní chosnaíonn sé ainmneacha, teidil, manaí nó nathanna. Is féidir iad seo a chosaint mar thrádmharcanna faoi réir ag forálacha reachtaíocht na dtrádmharcanna. Féadfar lógónna a chosaint le cóipcheart mar shaothair ealaíonta, ach tá sé inmholta machnamh a dhéanamh chosaint a lorg trí chlárú trádmhairc. Féach ar an gcomhleabhrán (***Eolas Ginearálta maidir le Clárú Trádmharcanna***), atá ar fáil ó Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann.

Ní sárú an chóipchirt i saothar déthoiseach é táirge tríthoiseach a dhéanamh dá mba rud é nach gceapfadh duine nach saineolaí é/í i dtaca le táirge dá leithéid, gur macasamhlú den saothar déthoiseach é an táirge; nó má tá línte, imlínte, dathanna, cruth, uigeacht nó ábhar an táirge nó a mhaisiú feidhmiúil go hiomlán nó go substaintiúil.

Tá forálacha in Alt 89 den Acht um Dhearáí Tionscail 2001 a cháilíonn cosaint cóipchirt do dhearáí a úsáidtear mar tháirgí. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Dearáí Tionscail a chosaint féach ar an gcomhleabhrán (***Eolas Ginearálta maidir le Dearáí Tionscail a Chosaint***), atá ar fáil ó Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann.

## Cá fhad a mhaireann Cóipcheart?

Tá faid éagsúla ar chosaint cóipchirt ag brath ar fhormaid an tsaothair. Sa tábla thíos leagtar amach an téarma cosanta a bhaineann le catagóirí áirithe de shaothair.

Catagóir saothair	Fad na cosanta
<b>Saothair liteartha, dhrámatúla, cheoil nó bunachar bunaidh</b>	Téann Cosaint Cóipchirt in éag 70 bliain i ndiaidh bhásan údair/hcruthaitheora beag beann ar an dáta ar acuireadh an saothar ar fáil go dleathach don phobal nó acu ar cuireadh an saothar ar fáil riamh go dleathach don phobal.
<b>Scannáin</b>	Téann Cosaint Cóipchirt in éag 70 bliain i ndiaidh don duine deiridh díobh seo a leanas bás a fháil – an stiúrthóir, údar script an scannáin, údar dhialóg an scannáin, nó údar an cheoil a cumadh le húsáid sa scannán.
<b>Taifeadtaí fuaime</b>	Téann Cosaint Cóipchirt in éag 70 bliain i ndiaidh ab taifeadadh fuaime a dhéanamh nó, má chuirtear ar fáil don phobal é, 70 bliain ón dáta ar a cuireadh ar fáil don phobal é.
<b>Craolta</b>	Téann Cosaint Cóipchirt in éag 50 bliain ón uair a tarchuirtear an craoladh ar dtús.
<b>Eagrú clógrafach ar eagrán foilsithe</b>	Téann Cosaint Cóipchirt in éag 50 bliain i ndiaidh an dáta ar a gcuirtear ar fáil don phobal ar dtús é
<b>Saothair a ghintear le ríomhaire</b>	Téann Cosaint Cóipchirt in éag 70 bliain i ndiaidh an dáta ar a gcuirtear ar fáil don phobal ar dtús é
<b>Cóipcheart i nDearadh</b>	Téann Cosaint Cóipchirt in éag ó fhad saoil an chruthaitheoir móide 70 bliain.





## 09

### Ceartha a bhaineann le Cóipcheart

Chomh maith lena chinntiú go gcuirtear cóipcheart i saothar faoi chosaint, tá foráil sa reachtaíocht don chosaint ar chearta gaolmhara. Níl cearta srianta do chruthaitheoir an tsaothair iad féin ach is féidir seo síneadh freisin chuig tríú páirtithe, amhail, mar shampla, comhlacht ceirníní.

#### Ceartha i dTaibhithe

Tá cearta ar a dtugtar cearta gaolmhara ag taibheoirí, léiritheoirí agus craoltóirí saothar. Tá sealbhóirí ceart gaolmhar i dteideal aisiocaíochtaí (nó dleachtanna) as úsáid a saothair chomh maith lena chinneadh conas is féidir é a úsáid..

#### Ceartha Morálta

Is éard atá i gcearta morálta an ceart atharthachta, is é sin an ceart ar aitheantas mar údar saothair, agus freisin an ceart ionracais, is é sin ceart an údair cur i gcoinne aon chamadh, milleadh nó leasú eile ar a saothar.

#### “Sui Generis”

“Sui Generis” (is é an t-aistriúchán air seo “rud ann féin” nó “uathúil”). Aon duine, i ndiaidh don chóipcheart

i saothar dul in éag, a chuireann ar fáil don phobal den chéad uair saothar nach raibh ar fáil roimhe, bainfidh siad tairbhe as cearta atá cothrom le cearta údair, seachas na cearta morálta, suas le 25 bliain ón dáta ar a gcuirtear an saothar ar fáil don phobal go dleathach. Tugadh an ceart seo isteach le dreasacht airgeadais a sholáthar chun saothair nár foilsíodh roimhe a fhoilsiú.

### **Droit De Suite**

Bealach is ea Droit De Suite le cuid den ardú i luach a saothar ealaíne a thabhairt d'ealaíontóirí nuair a athdhíoltar iad. Nuair a dhíoltar saothar ar ceant i ndiaidh a dhíola bhunaidh bronntar céatadán den phraghas athdhíola ar ealaíontóir bunaidh nó cruthaitheoir tsaothair agus ní céatadán den ardú sa luach.the original artist or creator of the work and not a percentage of increase in value.

## 10

### **Eisceachtaí le cóipcheart**

Tá roinnt eisceachtaí a cheadaíonn úsáid teoranta den saothair faoi chóipcheart gan cead an úinéara. Sna cásanna seo, ní féidir leis an údar cosc a chur ar chóipeáil a saothair má tá an úsáid sin clúdaithe ag ceann de na heisceachtaí seo. Níl an liosta seo thíos uileghabhálach ach tugtar cur síos ann ar chuid de na príomheisceachtaí:

#### **Déileáil chothrom**

Faoin eisceacht seo is féidir leat sleachta theoranta de shaothar a chóipeáil ar an gcoinníoll go bhfuil an úsáid chun críche neamhthráchtála nach ndéanfaidh dochar do leasa úinéir an chóipchirt. Ní mór d'úsáid dá leithéid a bheith á tionlacan ag admháil a dhóthain a ainmníonn údar agus teideal an tsaothair. Ní bhreathnaítear ar chóipeáil iomlán nó cuid mhór de shaothar mar dhéileáil chothrom.

#### **Úsáidí oideachais**

Ceadaítear saothair údair do chúiseanna áirithe oideachais. Mar shampla, is féidir le hinstitiúidí oideachais úsáid a bhaint as ábhair faoi chóipcheart le linn teagaisc nó chun críche scrúdaithe gan cóipcheart a shárú.

#### **Leabharlanna agus Cartlanna**

Is féidir le leabharlanna agus cartlanna cóipeanna de shaothair a chóipeáil agus a sholáthar i gcásanna áirithe gan sárú a dhéanamh ar chóipcheart. Is féidir leis na hinstitiúidí seo freisin saothair a thabhairt ar iasacht gan dleachtanna a íoc.

## Ceartha a shannadh agus a cheadú

Is féidir le húinéirí cóipchirt a gcearta a shannadh nó a cheadúnú. Le sannadh ceart déantar úinéir de dhuine eile; ciallaíonn ceadúnú gur féidir le duine eile an t-ábhar faoi chóipcheart a úsáid, ach fanann an t-úinéir mar atá. I ndlí na hÉireann, ní mór sannadh an chóipchirt i saothar a bheith déanta i scríbhinn agus a bheith sínithe ag an duine atá ag sannadh an chóipchirt.

# 11

## Saothair Dílleachta

Is éard is Saothair Dílleachta ann saothair amhail leabhair, scannáin, ailt nuachtáin agus ábhar cruthaitheach eile atá cosanta le cóipcheart, ach nach féidir teacht ar a n-úinéir nó dul i dteagmháil leo dhonn cead a fháil chun iad a úsáid. Féadfaidh na saothair a bheith mar chuid de bhailiúcháin atá coinnte ag Eagraíochtaí Tairbhiúla amhail leabharlanna, músaeim, cartlanna, institiúidí oidhreachta scannáin agus fuaime, agus eagraíochtaí craolacháin seirbhíse poiblí. Leis an Treoir ón AE maidir le Saothair Dílleachta leagtar amach rialacha comónta chun Saothair Dílleachta a úsáid ag eagraíochtaí cultúrtha chun na saothair seo a dhigitiú chun críche neamhthráchtála gan cóipcheart a shárú. Agus cuardach cuimsitheach déanta le húinéireacht nó le nádúr dílleachta an tsaothair (nó na saothar) a bhunú, ní mór daon eagraíocht atá ag iarraidh Saothar Dílleachta a chlárú ar an Bhunachar na Saothar Dílleachta iarratas a dhéanamh ar líne ar dtús leis EUIPO le bheith cláraithe mar Eagraíocht Tairbhiúil.”

- **Uirlis Cuardaigh Dhúthrachtaigh**

**Chruthaigh an Tionscadal EnDOW** (tionscadal maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach) an **Uirlis Cuardaigh Dhúthrachtaigh**, ardán a chuireann ar chumas úsáideoirí nach bhfuil aon eolas speisialta dlí acu cuardaigh dhúthrachtacha a dhéanamh thar ceann institiúidí oidhreachta cultúrtha. Tá an uirlis ar fáil do chuardaigh in 20 dlínse san Aontas Eorpach. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag an nasc seo: <http://diligentsearch.eu/diligent-search-tool/>

# 12

## Sárú agus Forfheidhmiú Cóipchirt

Tugtar sárú ar úsáid mhídhleathach de chóipcheart. Tá sé de fhreagracht ar chruthaitheoir an tsaothair a gcóipcheart a chosaint. Is féidir le cruthaitheoirí a saothair chruthaitheacha a chosaint trí éilimh i dtaca le sárú cóipchirt a thabhairt chuig an gCúirt Chuarda nó Cúirt Dúiche ábhartha.

Tá foráil sa reachtaíocht do chiontuithé dliteanais sibhialta agus coiriúla freisin. Tá foráil sa reachtaíocht cóipchirt freisin do nósanna imeachta sibhialta um chuardach agus ghabháil a chuireann feabhas ar éifeachtúlacht na leigheasanna sibhialta.

*Ní féidir leis an Oifig comhairle dlí a thabhairt i dtaca le ceisteanna Cóipchirt. Ba chóir d'úinéirí Cóipchirt comhairle ghairmiúil a lorg maidir leis na roghanna agus na leigheasanna atá ar fáil más cosúil go bhfuil sárú tarlaithe ar a saothar.*

# 13

## Reachtaíocht Cóipchirt na hÉireann

Tá 4 phársa suntasach de reachtaíocht na hÉireann.

- **An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar** Tháinig an tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2001. B'iad cuspóirí ginearálta an Achta córas nua-aimseartha, éifeachtach, neodrach ar theicneolaíocht de chosaint reachtúil a chur ar bun do chóipcheart agus cearta gaolmhara, lena n-áirítear soláthar do leigheasanna sibhialta agus pionóis choiriúla.
- **Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bainistíocht Cearta Comhchoiteanna) (Treoir 2014/26/AE) 2014.** Tháinig Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bainistíocht Cearta Comhchoiteanna) (Treoir 2014/26/AE) 2014 i bhfeidhm ón 10 Aibreán 2016. Leis na Rialacháin seo cuirtear isteach i ndlí na hÉireann Treoir ón AE i dtaca le bainistíocht chomhchoiteann ar chóipcheart agus cearta gaolmhara agus ceadúnú ilchríochach ar chearta i saothair cheoil le húsáid ar líne sa mhargadh inmheánach. Tá sé seo ceaptha le tairbhe a dhéanamh do shealbhóirí ceart, úsáideoirí tráchtála ar ábhar faoi chóipcheart agus tomhaltóirí trí aistriú go dlíthe náisiúnta ag na Ballstáit AE uile. Ní mór do na Ballstáit údarás cumasach náisiúnta a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus le pionóis a leagan más gá. Is é an Rialaitheoir Maoine Intleachtúla an t-údarás cumasach in Éirinn chun críocha na rialachán.
- **An tAcht um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil, 2019**  
Tháinig an tAcht um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil, 2019 i bhfeidhm ón 26 Meitheamh 2019. Is é cuspóir an Achta an córas cóipchirt in Éirinn a nuashonrú trí sholáthar níos fearr a dhéanamh don chosaint ar chóipcheart agus maoin intleachtúil (IP) eile sa ré dhigiteach agus cur ar chumas sealbhóirí ceart forfheidhmiú níos fearr a dhéanamh ar a gcearta IP sna cúirteanna

- **Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE.** Rinneadh idirbheartaíocht ar Threoir an AE maidir le Cóipcheart agus aontaíodh í faoin straitéis maidir leis an Margadh Aonair Digiteach. Leis an Treoir cuirtear creat ar fáil reachtaíocht nua-aimseartha cóipchirt Eorpach a chruthú dhfionn forbairtí teicneolaíochta sa ré dhigiteach a chur san áireamh agus leanúint de dheimhniú go bhfaigheann cruthaitheoirí luach saothair as a n-iarrachtaí cruthaitheacha. Ceadaítear léi rochtain níos leithne agus úsáid as saothair atá cosanta le cóipcheart a dhéanann tairbhe do na hearnálacha cruthaitheacha, foilsitheoirí preasa, taighdeoirí, oideoirí, institiúidí oidhreachta cultúrtha, agus saoránaigh.
- Is féidir reachtaíocht cóipchirt a fháil ó Ionad Glaonna Foilseachán an Rialtais ag 076 1106 834, le r-phost ag [publications@opw.ie](mailto:publications@opw.ie) nó is féidir é a léamh ar líne ag suíomh [gréasáin IPOI](http://gréasáin.IPOI).

# 14

## **Athruithe suntasacha le déanaí ar dhlí cóipchirt na hÉireann (mar thoradh ar an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2019)**

- Leathnú ar na forálacha taisece cóipchirt atá ann cheana a bhaineann le leabhair chun cuidiú le Taisce Dhigiteach a chruthú ar bhonn deonach.
- Ligean do leabharlanna, cartlanna agus institiúidí oideachais cóip a dhéanamh de shaothar ina mbailiúcháin ar chúiseanna caomhnaithe agus do chatalóga do thaispeántais etc.
- Meastar anois gurb é údar “fuaimrianta a ghabhann leis an scannán” an léiritheoir agus an príomhstúirthóir.
- Leis an gcoincheap de shaothar chun críche sáraithe áirítear anois eolas atá neadaithe nó ar bhealach eile corpraithe sa saothar, mar shampla, is sárú é baint do na meiteashonraí a bhaineann le saothar grianghrafadóireachta.
- Rochtain fheabhsaithe ar chóras na gCúirteanna d'éilimh maidir le maoin intleachtúil, sa chaoi is gur féidir le cruthaitheoirí amhail ceoltóirí, údair agus grianghrafadóirí cosaint níos fearr a dhéanamh ar a saothair chruthaitheacha trí éilimh ar luach níos lú i dtaca le sárú cóipchirt a thabhairt chuig na Cúirteanna Cuarda agus Dúiche laistigh de dhlínse airgeadais na gcúirteanna sin.

### **Tá soláthar ann do roinnt eisceachtaí / síntí ar eisceachtaí mar seo a leanas:**

- Eisceacht nua a chruthú d'úsáid saothar faoi chóipcheart chun scigléiriú, aoir agus scigaithe sa dhéanamh orthu gan sárú ar an ábhar.
- Síneadh ar an eisceacht cóipchirt atá ann cheana do dhaoine faoi mhíchumas, chun ligean dóibh cóip phearsanta a dhéanamh de shaothar atá

curtha in oiriúint dá riachtanais speisialta, agus chun ligean do chomhlachtaí ainmnithe cóipeanna iolracha a dhéanamh de shaothair atá curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais speisialta daoine faoi mhíchumas.

- Síneadh ar na heisceachtaí cóipchirt atá ann cheana don oideachas, chun úsáid níos mó den teicneolaíocht a éascú agus chun oideachas a chur ar fáil trí chianoideachas agus oideachas ar an idirlíon, ag teacht leis an athrú ar sholáthar an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn.
- Síneadh ar na heisceachtaí cóipchirt atá ann cheana don chóipcheart do Mhianadóireacht Téacs agus Sonraí chun taighde neamhthrachtála a chur chun cinn a chuideoidh le húsáid mhéadaithe ar na teicnící taighde tábhachtacha seo.
- Leathnú ar choincheap na déileála cothroime i saothair faoi chóipcheart chun críocha an tuairiscithe nuachta.

## 15

### Clár de Chomhlachtaí um Cheadúnú Cóipchirt

Tá roinnt feidhmeanna ag an Rialaitheoir Maoine Intleachtúla i dtaca leis an gclárú de chomhlachtaí um cheadúnú cóipchirt, teistiméireachtaí agus iarratais a bhaineann le scéimeanna ceadúnais a oibríonn comhlachtaí um cheadúnú agus réiteach ar aighnis a bhaineann le híocaíocht suimeanna dleachtanna i dtaca le taibhithe poiblí de thairfeadta fuaim.

Coinníonn an Rialaitheoir clár de chomhlachtaí um cheadúnú cóipchirt ina bhfuil eolas atá forordaithe faoin Acht, lena n-áirítear sonraí faoi scála na dtáillí atá le gearradh agus an rang de shealbhóirí ceart a bhfuil an comhlacht um cheadúnú mar ionadaí orthu. Tá sonraí faoina gclárúchán ar fáil ar shuíomh gréasáin Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann [www.ipoi.gov.ie](http://www.ipoi.gov.ie).

Feidhmíonn comhlachtaí um cheadúnú cóipchirt – ar a dtugtar eagraíochtaí bainistíochta comhchoiteanna (CMOs) nó gníomhaireachtaí bainistíochta neamhspleácha (IMEs) – thar ceann a mball agus déanann siad ceadúnais cóipchirt a idirbheartú nó a bhronnadh a údaraíonn téarmaí úsáide saothair de níos mó ná úinéir cóipchirt amháin. Is é príomhról an Rialaitheora a chinneadh, más rud é nach féidir leis na páirtithe aontú eatarthu féin, téarmaí agus coinníollacha na gceadúnas curtha ar fáil ag, nó na scéimeanna ceadúnais oibrithe ag, comhlachtaí comhchoiteanna um cheadúnú i réimse an chóipchirt agus na gceart gaolmhar.

Ina theannta sin, is féidir na téarmaí do scéim ceadúnais atá beartaithe

le hoibriú ag comhlacht um cheadúnú a chur faoi bhráid an Rialaitheora le cinneadh, ag an eagraíocht a mhaíonn gur ionadaí é ar dhaoine a mhaíonn go bhfuil ceadúnais de dhíth orthu. De bheis air sin, aon duine a mheasann gur díultaíodh ceadúnas doibh ag cumann bailiúcháin nó a mheasann go bhfuil na téarmaí a bhaineann le ceadúnas a tairgeadh míréasúnta, an scéal a chur faoi bhráid an Rialaitheora.

16

### Suíomhanna gréasáin úsáideacha d'úinéirí cóipchirt

Website	Related Subject
<a href="http://www.wipo.int/sme">www.wipo.int/sme</a>	Saincheisteanna maoine intleachtúla ó thaobh an ghnó de
<a href="http://www.wipo.org">www.wipo.org</a>	An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil
<a href="http://www.ipoi.gov.ie">www.ipoi.gov.ie</a>	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
<a href="http://www.cai.ie">www.cai.ie</a>	Cumann Cóipchirt na hÉireann
<a href="http://www.libraryassociation.ie">www.libraryassociation.ie</a>	Cumann Leabharlann na hÉireann
<a href="http://enterprise.gov.ie">enterprise.gov.ie</a>	Aonad Maoine Intleachtúla, An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta
<a href="http://diligentsearch.eu">diligentsearch.eu</a>	Uirlis Cuardaigh Dhúthreachtaigh EnDow
<a href="http://www.wipo.int">www.wipo.int</a>	Seirbhís Cruthúnais WIPO

17



### Sonraí Teagmhála

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann Oifigí an Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh, R95 H4XC, Éire

Teil: 056 – 7720111

Facs: 056 – 7720100

R-phost: [ipinfo@ipoi.gov.ie](mailto:ipinfo@ipoi.gov.ie)

Suíomh gréasáin: [www.ipoi.gov.ie](http://www.ipoi.gov.ie)

Le haghaidh uaireanta oscailte oifige féach ar an leathanach gréasáin “[Déan Teagmháil inn](#)”.

